Coláiste Chilliain
Bóthar Nangor, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22

# Polasaí & Ráiteas Straitéise um Thinreamh agus Phoncúlacht Scoile

I gColáiste Chilliain, aithnímid an tábhacht a bhaineann le dea-thinreamh scoile i bhforbairt acadúil, shóisialta agus phearsanta gach dalta. Ar an ábhar sin, leagtar an-bhéim ar dhaltaí a spreagadh le freastal ar scoil gach lá.
Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gcomhoibriú idir tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus baill foirne mar is tríd an gcomhoibriú seo gur féidir linn deis a chur ar fáil do gach dalta forbairt a dhéanamh agus a gcumas a bhaint amach.

Tá ár gcur chuige maidir le freastal ar scoil **tacúil, cosantach agus comhoibríoch**, seachas ar bheart pionósach amháin.

Forbraíodh an Ráiteas Straitéise seo maidir le Tinreamh Scoile de réir **Alt 22 den Acht Oideachais (Leas) 2000**. Is é an cuspóir atá leis:

- **Cultúr tinrimh rialta agus poncúlachta** a chur chun cinn agus dea-thinreamh a chothú.
- Patrúin de dhrochthinreamh a **aithint, agus dul i ngleic leo.**
- Cloí leis an **Acht Oideachais (Leas) 2000** agus ár ndualgais dhlíthiúla tinreamh a thuairisciú le Tusla a chomhlíonadh.
- Tacú le teaghlaigh, baill foirne agus daltaí constaicí ar fhreastal scoile a shárú.
- Nósanna soiléire a sholáthar maidir le monatóireacht, taifead agus tuairisciú an tinrimh.

**Buntáistí a bhaineann le Tinreamh Rialta**

- Ionchais oideachais agus gairme a fheabhsú
- Scileanna sóisialta agus féinmhuinín a fheabhsú
- Nósanna dearfacha saoil agus oibre a fhorbairt
- Níos mó deiseanna a thapú do ghníomhaíochtaí seach-churaclaim

**Róil agus Freagrachtaí**

**Amchlár na scoile:**

- Dé Luain, Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine: 08:30 – 15:20
- Dé Céadaoin: 08:30 – 12:50

**Daltaí:**

- **Teacht ar scoil roimh 8:25 am** le taisceadáin agus fearais a eagrú. Is féidir le daltaí rochtain a fháil ar thaisceadáin ó 08:15am.
- A bheith sa rang, réidh don fhoghlaim, ag tús an chéad cheachta ag 8:30am.

- **Ní mór do dhaltaí a thagann ar scoil tar éis 8:30am síniú isteach ar an táibléad ag an bpríomhoifig.**
- Breathnófar ar neamhláithreacht gan chead ó rang ar bith i rith an lá scoile mar shárú ar an gCód Iompair agus d'fhéadfadh smachtbhannaí cuí a bheith curtha i bhfeidhm.
- Ba chóir do dhaltaí freastal ar scoil **gach lá** mura bhfuil siad tinn nó má tá cúis mhaith eile acu a bheith as láthair.
- **Táthar ag súil go mbeidh daltaí poncúil** do gach ceacht agus cead an mhúinteoir a lorg chun imeacht ón rang más gá. Má bhíonn dalta déanach chuig rang(anna) ní mór dóibh nóta a thugann an leithscéal a bheith acu agus é a thaispeáint don mhúinteoir ábhair.
- **Chun an scoil a fhágáil i rith an lae,** teastaíonn nóta ó thuismitheoir/caomhnóir a bheith sa Dialann nó ar an aip, atá faofa ag an múinteoir ranga/Ceann Bliana nó ag an bPríomhoide Tanaisteach nó ag an bPríomhoide.

**Tuismitheoirí/Caomhnóirí**

- **An tábhacht a bhaineann le tinreamh agus poncúlacht a phlé** le do pháiste.
- **Laethanta saoire a eagrú taobh amuigh den bhliain acadúil** (Bíonn scoileanna ar oscailt don teagasc ar feadh 166 lá gach bliain acadúil, de réir na sonraíochtaí atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais.)
- **Coinní a eagrú lasmuigh d'uaireanta scoile.**
- **Cuir an scoil ar an eolas tríd an aip roimh 8:30 am** maidir le neamhláithreachtaí, leithscéalta luatha nó coinní.
- I gcás asláithreachtaí fadtéarmacha, tá sé de dhualgas ar na tuismitheoirí/ caomhnóirí an scoil a chur ar an eolas.
- **Tacú le tinreamh do pháiste** agus iad a sheoladh ar scoil gach lá mura bhfuil cúis mhaith leis an asláithreacht.
- Fanacht i dteagmháil leis an scoil agus
- Freastal ar chruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí.
- Má tá aon imní ort faoi thinreamh nó poncúlacht do pháiste, déan teagmháil leis an gCeann Bliana nó múinteoir ranga.

**Múinteoirí Ábhair:**

- **Taifead tinrimh a choiméad do gach rang** ag baint úsáide as VS Ware. Má tá aon amhras ag an múinteoir faoi asláithreacht, ba chóir é a phlé leis an múinteoir ranga agus/nó leis an gCeann Bliana.
- **Nótaí déanacha a eisiúint** do dhaltaí a thagann chuig an rang déanach.
- **Monatóireacht a dhéanamh ar asláithreachtaí**, agus aon imní faoin tinreamh a léiriú le daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Déantar asláithreachtaí a thaifeadadh ar VS Ware faoi na catagóirí seo a leanas.

ALGM = As láthair gan míniú
ALM = As láthair le míniú
Déan = Déanach
DéanM = Déanach le míniú
Fionraí = dalta ar fionraí
Gníomh Scl. = Dalta ar ghníomh scoile (as láthair ar ghnó scoile)

**Múinteoirí Ranga/ Ceann Bliana/ Oifigeach Tinrimh/ Príomhoide Tánaisteach/ Príomhoide**

- Labhróidh an Múinteoir Ranga, i gcomhairle leis an gCeann Bliana, faoi dhrochthinreamh agus poncúlacht le daltaí agus le tuismitheoirí/caomhnóirí go neamhfhoirmiúil: glaonna gutháin, cruinnithe agus plean tacaíochta tinrimh a chur i bhfeidhm.
- Coinneoidh an Múinteoir Ranga/ Ceann Bliana **cumarsáid rialta le Tuismitheoir(í)/Caomhnóir(í)** maidir le neamhláithreachtaí atá leanúnach nó fadtéarmach nó atá ag tarlú go minic, míphoncúlacht san áireamh.
- Seolfaidh an Ceann Bliana, i gcomhairle leis an Oifigeach Tinrimh agus leis an bPríomhoide, litir abhaile nuair a bhíonn neamhláithreacht níos mó ná 10 lá bainte amach ag dalta. Bíonn cumarsáid rialta maidir le neamhláithreachtaí fadtéarmach agus/nó rialta idir an Príomhoide, an Príomhoide Tánaisteach agus an Ceann Bliana.
- Cuirfidh an tOifigeach Tinrimh tuairiscí tinrimh faoi bhráid an Phríomhoide agus i gcás daltaí faoi 16 atá as láthair 20 lá nó níos mó in aon scoilbhliain amháin, cuirfidh sé na sonraí seo faoi bhráid TUSLA, ag cinntiú go gcomhlíontar ár ndualgais dlíthiúla tinreamh a thuairisciú.
- I gcásanna ina bhfuil imní leanúnach maidir le tinreamh d'fhéadfadh an Príomhoide, i gcomhairle leis an gCeann Bliana, dul i dteagmháil leis an Oifigeach Leasa Oideachais chun tacaíocht a fháil.
- Cuirfidh an scoil dea-thinreamh agus poncúlacht chun cinn trí thionscnaimh, aitheantas agus duaiseanna éagsúla i rith na bliana.

**Nósanna Imeachta Tinrimh**

**Taifead Laethúla**

- Déantar taifead ar an tinreamh ag tús gach rang.
- Ní mór do dhaoine a thagann déanach ar scoil tar éis 8.30am síniú isteach ag an oifig.
- Ní mór do dhaltaí atá ag fágáil luath ón scoil nóta leithscéalta a bheith acu ar an aip atá faofa ag an gCeann Bliana agus ní mór dóibh síniú amach ag an oifig.
- Cuirfear tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) ar an eolas:
    - Má tá dalta as láthair gan mhíniú.
    - Nuair a shíníonn dalta isteach ar scoil (tar éis 8.30am)
    - Más ábhar imní é tinreamh nó poncúlacht an dalta

- Ní mór do thuismitheoir(í)/caomhnóir(í) neamhláithreachtaí nó nótaí leithscéalta luatha a chur in iúl don scoil **roimh 8:30am** tríd an aip scoile.

**Ag freagairt do thinreamh íseal agus míphoncúlacht**

| | |
|---|---|
| 8 lá as láthair nó níos lú (5%) | Tinreamh Sásúil |
| Suas le 16 lá neamhláithreachta (5 - 10%) | Cúis Imní |
| 17 lá as láthair nó níos mó (10% +) | Asláithreacht Sheasta |

- Teagmháil neamhfhoirmiúil (ríomhphost/glaoch) tar éis 3 lá as láthair gan mhíniú.
- Cruinniú nó glaoch gutháin le tuismitheoir/caomhnóir má théann an tinreamh in olcas.
- Plean tacaíochta tinrimh.
- Tacaíocht a lorg ó Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla mura n-éiríonn le tacaíochtaí inmheánacha agus más ábhar imní fós é tinreamh an dalta.
- Beidh fanacht siar tar éis scoile ag daltaí a thagann ar scoil mall faoi thrí gan leithscéal.
- Sa chás go n-éiríonn daltaí tinn ar scoil, caithfidh siad labhairt lena múinteoir ranga/Ceann Bliana a chuirfidh glaoch abhaile. Déanfar taifead ar aip na scoile.
- Sa chás go mbíonn daltaí as láthair ó ranganna de bharr gníomhaíocht scoile, déantar é sin a thaifead ar VSware mar Ghníomh Scoile.
- **Pléifear míphoncúlacht mar seo a leanas:**
    - **3 lá ag teacht mall ar scoil gan mhíniú:** Gheobhaidh an dalta fanacht siar tar éis scoile.
    - **Míphoncúlacht leanúnach:** Cruinniú eagraithe agus plean tacaíochta curtha le chéile.




**Tinreamh a spreagadh**

Cuirimid tinreamh dearfach chun cinn trí:

- Aitheantas a thabhairt do thinreamh maith agus feabhas ar thinreamh.
- Ceiliúradh a dhéanamh ar ranganna agus ar ghrúpaí le feabhas agus barrfheabhais sa tinreamh i rith an tionóil.
- Bród a spreagadh as a bheith i láthair agus in am
- Teastais a bhronnadh ar dhaltaí a mbíonn tinreamh den scoth nó feabhsaithe acu.
- Dul chun cinn tinrimh a chur chun cinn i bhfógraí scoile.

**An tAcht Oideachais (Leas) 2000**

- **Faoin Acht Oideachais (Leas) 2000**, caithfidh scoileanna **an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla** a chur ar an eolas má tá 20 lá ann i rith na bliana acadúla nach raibh an dalta i láthair orthu.
  - Baineann sé seo le **gach neamhláithreacht**, le míniú nó gan mhíniú.
  - Ní chiallaíonn an tuairisc seo go mbeidh caingean dlí ag tarlú.
  - An ról atá ag Túsla ná **tacú le teaghlaigh agus scoileanna** nuair a bhíonn tinreamh ina ábhar imní.
- Caithfidh an scoil an tOifigeach Leasa Oideachais a chur ar an eolas má bhíonn scoláire as láthair níos mó nó 20 lá nó ar fionraí ar feadh 6 lá nó níos mó i mbéal a chéile.
- Ní mór do dhalta an Teastas/Sraith Shóisearach a bheith críochnaithe aige nó a bheith 16 bliana d'aois sula bhféadfadh sé an córas oideachais a fhágáil.
- Caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí cúis an neamhláithreachais a chur in iúl don scoil i scríbhinn. (nó ar an aip scoile)

Déanfaimid iarracht i gcónaí a bheith ag obair le teaghlaigh **roimh agus le linn** an phróisis seo.

**Athbhreithniú agus Meastóireacht**

Maidir leis an Ráiteas Straitéise seo:

- Déanfar athbhreithniú air go bliantúil
- Bunaithe ar shonraí agus nósanna tinrimh
- Déanfar é a nuashonrú i gcomhairle le baill foirne, daltaí agus tuismitheoirí
- Déanfar athruithe air nuair is gá chun treoir Tusla nó athrú reachtach a chur i bhfeidhm

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an straitéis seo ar an ______________________.
Athbhreithniú le déanamh: Go bliantúil

**Sínithe ag:** Alan Mac Meal[illegible] **Dáta:** 20ú / Eanáir 2026

**Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta**